Aṫraiṫe ar an Ġaeilge

An Labrann Aon Neaċ Beo Gaeilge Caiġdeanta

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Risteárd Ó Riain, T.D., don Aire Oideaċais, na dátaí agus na breiṫe a tugaḋ go h-oifigiúil faoi caiġdeán litriú na Gaeilge ó 1922 agus cé acu tátar a' braṫ aṫraiṫe eile a ḋéanaṁ ḟós?

D'ḟreagair Seoirse Ó Colla, T.D., Aire Oideaċais: Ba iad seo na mór-aṫraiṫe a rinneaḋ in caiġdeán litriú Gaeilge mar leanas:—

1, In 1945, cuireaḋ amaċ córas simpliṫe caiġdeánaċ litriṫe, de réir mar tá leagṫa síos in litriú na Gaeilge, an Caiġdeán Oifigiúil.

2, In 1953, rinneaḋ aṫ-ḃreiṫniú ar rialaċa gramadaí de réir mar atá leagṫa síos in Gramadaċ na Gaeilge Caiġdeán Rannóg an Aistriúċáin.

3, In 1963, tugaḋ ḟógra go rabar leis an cló-róṁánaċ a ṫabairt isteaċ déiḋ ar ndéiḋ, in teacsanna scoile agus páipéir scrúdaiṫe. Níl sé i gceist aṫraiṫe móra ar biṫ eile a ḋéanaṁ.

An tUasal Ó Riain—An gcuirfeaḋ an tAire eolas ar fáil faoi mion-aṫraiṫe ar fáil.

An tAire—Níl eolas pearsanta agam san am i láṫair, ar mion aṫraiṫe cé go mbeaḋ barúil agam céard a ḃeaḋ ann.

Séamas Ó Diolúin — De ṫairbe na n-aṫraiṫe atá déanta agus a ṫug dúinn an rud a dtugann an tAire anois "Gaeilge caiġdeánaċ" air, an ḃfuil aon ċainteoir dúċais anseo, nó in áit ar biṫ eile a labras Gaeilge caiġdéanta?

An tUasal Ó Riain—Sin ceist eile.

Seoirse Ó Colla — Sílim go léiríonn ceist an Teaċta Ui Diolúin, mí-ṫuiscint faoi aṫbeoċaint na Gaeilge. B'ionann é agus ceist a ċur cé acu atá duine ar biṫ in Durham a dtug leis Béarla caiġdeánta a labairt.

Séamas Ó Diolúin — Ní hea, seo ceist simplí. Tá mé ag cur ceist, an ḃfuil aon neaċ beo le Gaeilge ón gcliabán, a labrann an rud a dtugann an tAire Gaeilge caiġdéanta air Tá mise ag cur in iúl, lasmuiġ de maorlaṫas na tíre, agus na daoine a ḃfuil Gaeilg na leabar acu, naċ ḃfuil neaċ beo a labras Gaeilge caiġdéanta. Níl ann aċ rial gramadaí.

Ceann Comairle: Níl an ceist aċ ag baint le litriú caiġdéanta.

An tAire—Bí mé ċun sin a rá.

An tUasal Ó Riain — D'aṫraiġ an gramadaċ posta.

An tAire — Seo an gnáṫ nós in aċan teanga. Cé'n fáṫ go ndéanfaí rud éagsúlta do Ġaeilge seaċas teanga ar biṫ eile sa doṁan?

Is forbairt nádúrṫa é seo i dteanga ar biṫ, go h-áiṫrid nuair atá an teanga ag dul ċun cinn. agus á úsáid níos leiṫne.

An tUasal Ó Riain — An dtabarfaḋ an tAire mion-ḟaisnéis ar trí mór-aṫraiṫe i litriú agus gramadaċ an Béarla ó 1943.

B. Ó Lionaċáin — Sompla maiṫ teanga na Fraince. Tugann an Academie Francais an teanga Fraincise suas ċun dáta gaċ bliain.

R. Ó Riain — Níl muid ag leanúint De Gaulle.

Foilsiú Leabar Gaeilge

Ceisteanna sa Dáil fá ċabair

Sa Dáil, ċuir Risteárd Ó Riain T.D., ceist ar an Aire Oideaċais i ḃianfaise an doċar trom a ḋéanfaí do foilsiú leabar i nGaeilge, dá stadaḋ comluċt áiṫrid de, an ḃféaċfaḋ sé ċuige breis airgid a ṫabairt díobṫa, ag feiḋmniú a bpolasaí, mar rud práinneaċ, de réir moltaḋ an Páipéir Báin.

D'ḟreagair Seoirse Ó Colla, T.D., Aire Oideaċais, gur tugaḋ deontaisí ar leiṫ díobṫa ar feaḋ na mblianta, agus gur b'éigin stopaḋ don tacaíoċt speisialta seo roinnt blianta ó ṡin, nuair a fágaḋ deontas breis a cuireaḋ ar fáil. gan úsáid, toisc gur ṫeip ar an Ċomluċt geallúinti a ċomlíonaḋ faoi ḟoilsiú Téacsleabra, ar tugaḋ reiṁ-íocaíoċt ar a son. Breaṫnaíoḋ go báiḋiúil stáid na comluċta ar ċuid mór ócáidí ó ṡin, aċ ní ḟéadfaí tacaíoċt airgid ó Ċiste an Stáit a ṫabairt díobṫa.

Risteárd Ó Riain — An aontóiḋ an tAire gur ċuir an comluċt seo sciar an mór ar fad de litríoċt nua-aoise na hÉireann ar fáil, agus naċ ḃfuil insan tacaíoċt ar leiṫ aċ a sciar ceart de réir an méid a ċuireann siad ar fáil. De réir moltaí an Páipéir Báin, naċ mbeaḋ an comluċt bunaiṫe seo an aisúil fá ċoinne tirgeaḋ leabar i nGaeilge. Naċ n-aontóiḋ sé go ḃfuil an díolaċán atá ag Sáirséal agus Dill, i ḃfad níos fearr ná mar atá ag An Gúm, nó aon gléas foilsiṫe eile?

An tUasal Ó Colla : Aontaím leis an Teaċta gur ṡoláṫraiġ an comluċt seo cuid mór mór leabar nua-aoise Gaeilge agus i gcásanna, go ḃfuil sár-obair déanta acu, aċ fuair siad tacaíoċt ar leiṫ. Breiṫniġ mé an scéal ċom báiḋiúil agus ab' ḟéidir, aċ i ḃfianaise na neiṫe go léir, agus stair an scéil, níl mé ábálta cás a ḋéanaṁ fá ċoinne breis tacaíoċt don ċomluċt seo.

Ag freagairt ceiste ón Uasal Mac Seoin, dúirt an tAire go raiḃ socraiṫe dá ḋéanaṁ leis na teacs-leabra a ṡoláṫar anois, ⁊ go rabṫar ag déanaṁ feabsú ar cúrsaí foilsíṫeoireaċta ar fad. Glacaḋ le moltaí Ċoimisiún Um Aṫbeoċána na Gaeilge insan Páipéar Bán. agus bíoṫar ċun sin a ḟeiḋmniú.

An tUasal Ó Laoire (Luċt Oibre) — Naċ ḃféadfaḋ an tAire bualaḋ leis na stiúrṫóirí don ċomluċt féaċaint le deacraċt ar biṫ a réitiú?

An tUasal Ó Colla — Tá eagla orm naċ réiteóḋ sé sin an scéal. Buail mé leis na stiúrṫóirí agus breiṫniġ mé na cúrsaí go báiḋiúil.

Ag freagairt ceiste eile ó'n Uasal Ó Riain, fá na deontaisí a bí ar fáil mar cúiteaṁ do foilsiṫeoirí agus clódóirí, fá ċoinne costaisí breise clódóireaċta, de ṫairbe na n-aṫraiṫe insan Ġaeilge, dúirt an tAire naċ raiḃ aon mionḋealú ar leiṫ déanta ar na deontaisí foilseaċán seo.

Idir Ḋá Linn

SMAOINTE FÁNACHA Ó RISTEÁRD Ó GLAISNE

Casadh cóip den "Cork Examiner i mo líon inniu. Giobóg nuachta ar an leathanach tosaigh faoi fhoireann sacair Dhromconrach i mBaile Atha Cliath agus foireann in oirthear Bherlin a bheith ag imirt lena chéile. Ag pointe amháin san chluiche theip go léanmhar ar dhuine de na hOir - Ghearmánaigh báire a chur d'ainneoin nach raibh duine ar bith roimhe: d'fheall an t-urchar ar fad air.

"Anonn go dtí an tSibéir a chuirfear eisean, táim ag ceapadh," deir Phil Greene agus é ag tabhairt tuairisce ar an chluiche ar an raidió ón Ghearmáin.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin thárla rud éigin don líne go Baile Atha Cliath. Ní fhuair éisteoirí in Eirinn a thuilleadh den tráchtaireacht ach shéan muintir Radió Eireann go raibh baint ar bith ag "greann" Greene agus briseadh an líne.

B'fhéidir nach raibh ann ach taisme, ach dá mbrisfeadh teicneoir taodach éigin in oirthear Bherlin an líne d'aon-úim, ba dheacair liom fhéin locht mór a fháil air, caithfidh mé a rá. Chun tráchtaireacht a dhéanamh ar an chluiche a ghlac na hOir-Ghearmánaigh le Phil Greene, déarfainn, ní chun magadh éadrom a dhéanamh ar a gcóras polaitíochta. Dá ndéanfadh tráchtaire Cumannach ón taobh thall den Chuirtín Iarainn magadh orainne agus ar ár saol sóisialta nó polaitiúil fiú in aon abairt amháin mar seo ó pháirc imeartha i mBaile Atha Cliath tar eis dúinn cabhrú leis, bheadh muidne gortaithe agus feargach gan aon amhras: déarfadh muid gur ag teacht aniar aduaidh orainn a bhí sé.

— — —

I Sasana ón chéad lá de mhí Mheán Fómhair, ní £5 ach £25 a íocfaidh an té a bhaineann tarraingt as an chorda ceangail ar thraein gan cúis an-mhaith a bheith aige leis. £5 an pionós a bhí air ó 1869.

Tá súil agam nach leanfaidh Córas Iompair Eireann sampla na Sasanach san mhéid seo, mar déarfainn gur ar éigean is gá é a dhéanamh agus má leanfaidh muid na Sasanaigh i ngach rud, san deireadh ní bheidh difríocht ar bith eadrainn.

Is cuimhin liom, áfach, léamh ar ócáid amháin a raibh beirt scríbhneoir mór Eireannach ag taisteál ar an bhóthar iarainn i dteannta a chéile. Bhí duine acu ag breathnú na tíre go sásta trí fhuinneog an charráiste.

"O," ar seisean, "tabharfainn cuid mhaith ar fanacht anseo ag féachaint air sin go ceann tamaillín."

Léim an fear eile ina sheasamh agus tharraing sé an corda. Stop an traein.

"Ní chosnóidh sé ort san iomlán ach cúig phunta," ar seisean.

— — —

Cúpla mí ó shoin bhí mé ar dhaonscoil i Skive san Danmhairg i bhfochair leathchéad éigin eile ar feadh a trí nó a ceathair de laethe sula bhfuair mé amach go raibh Ceinwen Thomas inár measc. B'ise an bhean chaol spéisiúil a raibh an chaint líofa go léir aisti, a bhí lán den fhuinneamh neirbhíseach agus a raibh cuma éirimiúil uirthi.

Le cúrsaí foghraíochta atá an Dr. Thomas ag plé ar an ollscoil i gCaerdydd san Bhreatain Bheag. Agus is náisiúnaí agus trodaí í. Cuireann patuaire nó éiginnteacht nó géilleadh comh-Cheiltigh léi fonn múisc uirthi uaireanta, sílim. Is tearc duine a casadh orm le blianta a raibh tuiscint chomh lasánta sin aige ar thábhacht teangacha i gcás Cheinwen — ar thábhacht a teangan dúchais féin don Bhreatain Bheag go mórmhór.

Ghlac sí féin páirt i ndíospóireacht ar "Focus" seacht mbliana ó shin tar éis do Bhreathnach dhí-náisiúnaithe áirithe atá ina chónaí in Eirinn ionsaí a dhéanamh ar athbheochaint na Gaeilge. I Skive dúirt sí liom go neamhbhalbh nár dhóigh léi féin gur chóir dom spás a thabhairt do dhuine in iris a raibh mé i m'eagarthóir uirthi chun tabhairt faoin teanga náisiúnta.

Bhí cúiseanna aici leis an bharúil sin a bheith aici freisin. Fág cead cainte ag millteoirí mar siúd, ar sise, agus beidh an Ghaeilge thíos leis. Ní éagóir gan cead cainte a thabhairt dá leithéid, mar níl cothrom á thabhairt don Ghaeilge faoi láthair ar mhórchuid na bpáipéar. Agus "Mar adúirt Dónall O Corcora, ní rud nádúrtha bás teangan."

Ar ndóigh, ó thaobh prionsabal nó praiticiúlachta de, ceachtar acu, níor mhaith liom oibriú mar a mholfadh sise. Ina dhiaidh sin féin, mar a aithneoidh tú, ní ceist shimplí é.

Is í an Dr. Thomas a chuir eagar ar an uimhir reatha de lámhleabhar bhliantúil an Chonnartha Cheiltigh: "Self-Government for the Celtic Countries," a bhfuil aisti inti ar éileamh na Briotáine, na Breataine Bige agus na hAlban ar thuilleadh saoirse. inter alia. (Orm féin a thit sé de chrann aiste a scríobh ar ar rinneadh in Eirinn le 45 bliana aniar). Mo léir, bhí ar an Dr. Thomas cuid de na haistí a athscríobh ar fad beagnach, bhí crot chomh hainnis sin orthu nuair a fuair sí iad.

Turas fada go leor é dul ṫar farraige ó Stocholm go Helsinci. D'ḟág muid an tSualainn ar a 2 a ċlog iarnóin agus bí sé 8.30 an maidin dar gcionn sular ṡrois muid an Ḟionlainn.

Bí an bád, Bore III, an-ċompordaċ, agus ar ndóiġ, an t-am seo bliana, ní bíonn aon brú mór daoine ar bord.

San oíċe rinne banna ceoil beag siamsaíoċt dúinn. Na foinn a bí againn? "Walking my Baby Back Home." "Sunshine and Showers" (an é sin an teideal atá air?), "Maria" (as West Side Story") — niṫe mar sin. Tá an doṁan ag crapaḋ. ceart go leor!

— — —

San Danṁairg tioṁáinean i tú do ġluaisteán ar an taoḃ ḋeas, san tSualainn ar an taoḃ ċlé, ⁊ san Ḟionlainn ar an taoḃ ḋeas arís.

Tá na Sualannaiġ le haṫrú san bliain 1967. Caṫain a aṫróiḋ muidne? Nuair a aṫróiḋ na Sasanaiġ? Gaċ uile ṡeans.

Má ṫéann tú ón Danṁairg go dtí an tSualainn, agus ón tSualainn go dtí an Ḟionlainn, mar atá déanta agamsa, is aisteaċ leat an t-aṫrú ó ṫaoiḃ go taoḃ trí huaire as déis a ċéile. Aċ níl sé ró-ḋeacair aṫrú — faoi ċeann cúpla nóiméad, tá leat. Nó an amlaiḋ atá mise ċom cleaċtaċ sin ar a ḃeiṫ ag tioṁáint i lár an ḃóṫair naċ ndéanann bogaḋ beagán go dtí taoḃ amáin nó taoḃ eile mórán difríoċta dom!

— — —

Oíċe sular ḃain mé Helsinci amaċ a rinne Mac Liammóir "The Importance of Being Oscar" san Svenska Teatern anseo. Bí daoine an tsásta leis, de réir dealraiṁ. Ṫuig na Fionlannaiġ go maiṫ é. dúirt fear as Ambasáid na Breataine liom, agus ní raiḃ teorainn leis an molaḋ a ṫug sé féin agus a ḃean dó.

Ċonaic seisean an taispeántas céanna i Zurich ċéana, agus bí cuiṁní aige ar ḋinnéar a raiḃ sé aige an t-am sin ar ḟan a raiḃ ag an ḃord ina dtosc go toilteanaċ ag éisteaċt le Míċeál agus é ag insint scéalta grinn gan stad i mBéarla, i bFraincis, i nGearmáinis agus in Iodáilis— is cosúil naċ raiḃ cáll leis an dá ṫeanga is fearr le Míċeál — Gaeilge agus Spáinnis, ar an ócáid.

Dúirt an Dr. Ohmann, bainisteoir na haṁarclainne, liom go raiḃ tinneas scornaí ar an aisteoir an oíċe a bí sé i Helsinci— "aċ. ar ndóiġ, tá Mac Liammóir ṫar barr aon am."

Beiḋ sé ag teaċt arais arís ċun na Fionlainne an bliain seo ċugainn, deir Ohmann.

— — —

Is é Diarmuid Ó Súilleabáin a buaiġ luais drámaíoċta an Oireaċtais don aṁarclann le 'Dior', an é? Ioir sin agus molaḋ na léirmeastóirí nuair a léiríoḋ é le linn na féile aṁarclainne, glacaim leis gur maiṫ an dráma é.

Daoine áiriṫe a ḃfuil meas agam ar a mbreiṫiúnas, móránn siad an Súilleabánaċ go hard. Is dóiġ liom féin go ḃfuil geallaḋ ann, aċ níl 'Dior' feicṫe agam, ar ndóiġ, agus caiṫfiḋ mé tuilleaḋ atá maiṫ a ḟeiceáil uaiḋ sula mbeiḋ aon tuairim mór agam de.

Níor ṡásúil liom ar ċor ar biṫ a úrscéal "Dianṁuilte Dé" ainneoin a ċumaċta in áiteanna, agus is lú ná sin a bí mé sásta le sraiṫ alt a bí aige ar an "Gaelic Weekly" ó foilsíoḋ é sin—níor Ġaeilge ar ċor ar biṫ cuid den ċaint a bí sna hailt, agus má ṫéann Diarmuid ró-ḟada leis an tsórt sin ealaíne, ní dóiġ liom gurb é an raṫ atá i ndán dó. Ar an taoḃ eile den scéal, ní easpa Gaeilge atá air, dar liom—ċuala mé ag caint é, agus bí an Ġaeilge ar a toil féin aige.

Níl mise i gcoinne trialaċa — is gá iad a ḋéanaṁ go minic. Aċ ní féidir éigean a ḋéanaṁ ar ṫeanga; má ṫéann tú ṫar cailc, titeann do ċanúint pearsanta mar scríbneoir as a ċéile agus ní éiríonn leat tú féin a ċur in iúl tríti níos mó.

Cloiċeannaola

Ag an Ċúirt Dúiċe i Leitir Ceanainn, cáineaḋ Séamus Peoples, Mín na Cladaí, Mín Láiṫreaċ 5s. ar gaċ ceann de ḋá ḃarrántas as gan scaṫán le radarc ar cúl a ḃeiṫ aige, agus gan meaṫċán an lorraí a ḃeiṫ ar taispeáint aige. Dúraḋ gur díoltóir móna é, agus go mbíoḋ sé amaċ is isteaċ ar ṗortaí agus áiteaċa eile. agus go raiḃ sé deacair na rudaí seo a ċoinneáil sábáilte.